**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 26 Márta 2021 – miontuairiscí**

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

**1. Glacadh leis an gclár oibre**

Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh é.

**2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

**3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe agus na nithe a d'éirigh as**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 16 Deireadh Fómhair 2020 cheana féin agus thug an Bord a leithéid faoi deara.

**4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

Thug an bord faoi deara an méid atá sna meáin chumarsáide le déanaí maidir le nochtadh cosanta. Tugadh faoi deara gurb amhlaidh, ar aon dul le plean comhaontaithe iniúchóireachta inmheánaí na hOifige, go bhfuil na hiniúchóirí inmheánacha ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar bheartais agus nósanna imeachta na hOifige maidir le nochtadh cosanta. Aontaíodh freisin, ar eisiúint na tuarascála bliantúla ón Stiúrthóir Faireacháin agus Eitice, go meabhrófaí don fhoireann na nósanna imeachta atá i bhfeidhm le haghaidh na saincheisteanna a bhaineann le hobair iniúchóireachta agus scrúdaithe airgeadais a tharraingt anuas.

Thug an bord faoi deara freisin go raibh gá le beart eile soláthair chun athbhreithnithe fuara a dhéanamh ar iniúchtaí airgeadais agus go bhfuil riosca ann nach n-éireodh leis an gcleachtadh sin.

Tugadh faoi deara freisin an ghluaiseacht shuntasach a d'fhéadfadh a bheith ann in earnáil iniúchóireachta earnála príobháidí na Ríochta Aontaithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici sin ar earnáil phríobháideach iniúchóireachta na hÉireann.

**5. An t-eolas is deireanaí ar thionchar Covid-19**

Thug an bord faoi deara go raibh srianta náisiúnta leibhéal a chúig i bhfeidhm fós agus b'an-bheag an tinreamh ar an oifig. Bhí ag éirí leis an aonad saoráidí feidhmiú go maith maidir le freastal ar threalamh foirne agus ar riachtanais eile le linn na cianoibre. Cuirfidh an Oifig tús le meitheal um Thodhchaí na hOibre sna seachtainí atá romhainn d'fhonn tuarascáil a ullmhú don chéad chruinniú eile de chuid an bhoird i mí Iúil.

Tá suirbhéanna Pulse ar fhostaithe ar siúl gach coicís agus léiríonn siad leibhéal leathan sásaimh i measc na foirne. Thug an Rúnaí faoi deara cé chomh maith agus a d'éirigh leis an gcéad chomhdháil bhliantúil fhíorúil de chuid na hOifige agus leis na cruinnithe halla baile a reáchtáladh leis an bhfoireann sa chéad ráithe. Is féidir go reáchtálfar na cruinnithe halla baile

arís i mí na Bealtaine. Tarraingíodh aird an bhoird bainistíochta ar shaincheist maidir le fabhrú saoire solúbtha le linn na cianoibre. Labhair na Stiúrthóirí le gach Leas-Stiúrthóir maidir leis na socruithe oibre do na foirne ó thaobh na sláinte agus na sábháilteachta de.

Maidir le rochtain d'fhoirne iniúchóireachta airgeadais, déileáiltear go háitiúil le gach saincheist a thagann chun cinn. In amanna, bíonn gá ann leis an iniúchadh ar mhíreanna an chláir chomhardaithe a thástáil ar an láthair agus is amhlaidh go dtí seo atá formhór na gcliant ag éascú na gcuairteanna ar an láthair nuair is gá.

Thug an bord faoi deara gurb amhlaidh, i gcás nár thug eintitis aghaidh ar thionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe atá leagtha síos sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, nach mór an t-easnamh a cheartú, más féidir, agus a chur ar áireamh sa litir bainistíochta. I gcás nach raibh an leibhéal dearbhaithe céanna ná leibhéal dearbhaithe leordhóthanach i bhfeidhm, is féidir go mbeidh tagairt ag teastáil sa deimhniú an iniúchta.

**6. Liosta gníomhartha an bhoird iniúchóireachta (páipéar A)**

Thug an bord faoi deara gur críochnaithe anois a bhí trí mhír, mar a bhí an beartas taifead agus coinneála, an tuarascáil idirnáisiúnta, agus an beartas cumarsáide. Athraíodh na gníomhartha a bhí fágtha chun dáta chun an dul chun cinn a rinneadh ó mhí Dheireadh Fómhair seo caite i leith a léiriú.

**7. An clár tuairiscithe (páipéir B – E)**

Ghlac an Bord an straitéis tuairiscithe mar a cuireadh i láthair í, faoi réir athbhreithniú breise ar thrí théama d'fhonn roinnt téamaí seo a leanas a chomhcheangal, más féidir — (a) freagrachtaí trasrannacha; (b) scileanna, inniúlachtaí agus cumas na státseirbhíse agus rialachas na státseirbhíse; agus (c) cuntasacht agus trédhearcacht chun cuntas a thabhairt san fheidhmíocht.

Maidir le hacmhainní, thug an Bord faoi deara an gealltanas maidir le hacmhainní tuairiscithe a mhéadú agus thug sé faoi deara an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibreofaí é seo ar bhonn leanúnach.

Thug an bord faoi deara an lámhleabhar leasaithe tuairiscithe agus an plean chun clár cuimsitheach oiliúna i ngach gné den lámhleabhar a chur i bhfeidhm do gach ball foirne tuairiscithe. Thug an Bord faoi deara freisin an gá atá le hidirghabháil oiliúna níos giorra do bhaill foirne (iniúchóireachta airgeadais) a d'fhéadfadh caibidlí a chríochnú ar bhonn ad hoc chun ligean do cheannairí tionscadail clabhsúr a chur leis an seicliosta um thabhairt chun críche (le cur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dteannta gach tuarascála a bhfuil clabhsúr le cur leo) i gcás ina ndeimhníonn an ceannaire tionscadail go bhfuil 'seiceáil déanta ar gach ráiteas ábhartha sa tuarascáil agus go bhfuil fianaise tacaíochta ag gabháil leo i gcomhaid an tionscadail'.

**8. An clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar F)**

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil feidhmíochta iniúchóireachta don bhliain 2020 agus gur chomhlíon an oifig dhá cheann de na trí sprioc iniúchóireachta airgeadais, mar atá 95% de na cuntais arna dtomhas de réir láimhdeachais a bheith deimhnithe laistigh de naoi mí ón deireadh bliana airgeadais, agus nach mó ná 30 ceann an líon ráiteas airgeadais nár deimhníodh fós ag an deireadh bliana. Thug an Bord faoi deara freisin gurb amhlaidh, de na deich ráiteas airgeadais nár deimhníodh fós amhail an 31 Nollaig 2020, a deimhníodh cúig cinn acu ó shin i leith agus atá ceithre cinn de na cúig cinn eile ag ardchéim den phróiseas glanta.

9. **Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar G)**

Thug an bord faoi deara an t-athrú ar na socruithe maidir le hiniúchtaí nua a liostú. Roimhe seo, d'fhan aon iniúchtaí nua ar an bpáipéar seo go dtí go mbeadh siad sannta. Mar sin féin, athrófar é sin anois chuig 'iniúchadh sannta' agus 'eintiteas bunaithe' sula bhféadfar an t-iniúchadh a bhaint ón bpáipéar. Thug an Bord faoi deara na hiniúchtaí nua orthu seo a leanas:

- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Rialálaí na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Thug an bord faoi deara freisin nach raibh na Cistí Eorpacha de chuid an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (CEMI) faoi réir iniúchadh ag an Oifig a thuilleadh.

10. **An tuarascáil gníomhaíochta idirnáisiúnta (páipéar H)**

Thug an bord faoi deara gur ceapadh an Rúnaí ar Choiste Comhairleach Iniúchóireachta agus Meastóireachta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

Thug an bord faoi deara an tuarascáil gníomhaíochta idirnáisiúnta agus ba dheimhin leis nach leanfaí leis an mbeartas á rá nach ndéanfaí aon taisteal gnó. Thug an bord faoi deara freisin rannpháirteachas leanúnach na hOifige le meithleacha agus le grúpaí tionscadail agus bhí siad sásta leis an leibhéal rannpháirtíochta idirnáisiúnta.

11. **An beartas taifead agus coinneála (páipéar I)**

Cheadaigh an bord an beartas bainistíochta taifead, faoi réir thréimhse coinneála na dtaifead iniúchóireachta agus luach ar airgead a bheith á méadú go 30 bliain. Luaigh an Chartlann Náisiúnta roimhe seo gur cheart codanna sonraithe de na taifid sin a choinneáil ar feadh 30 bliain agus ansin iad a scrúdú ó thaobh iad a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta nó iad a scriosadh de. Mhol sí do gach Rialtas freisin gan tréimhsí coinneála éagsúla a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh sraitheanna taifead agus, mar sin de, tá sé níos fearr gach taifead iniúchóireachta agus luach ar airgead ina sraith a choinneáil ar feadh 30 bliain. Déanfar coinneáil na dtaifead atá fágtha a ghrúpáil ina sraitheanna agus ina dtréimhsí coinneála a shocrófar ina dhiaidh sin le haon cheanglas reachtach a d'fhéadfaí a chur ar áireamh i ngach sraith.

12. **Aon ghnó eile**

Thug an Bord faoi deara go scaipfear an tuarascáil ón Stiúrthóir Faireacháin agus Eitice agus Tuarascáil Bhliantúil feidhmíochta na hOifige trí nós imeachta i scríbhinn chun a chinntiú go gcuirfear clabhsúr leo ar bhealach tráthúil roimh an gcéad chruinniú eile.

Thug an bord faoi deara gur foilsíodh ráiteas straitéise na hOifige i leith na mblianta 2021 – 2025 i ndiaidh an chruinnithe dheireanaigh a bhí aige.

Thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi deara freisin an comórtas chun post an Stiúrthóra Iniúchóireachta a líonadh agus d'aithin sé go meastar gurbh é seo an cruinniú deiridh den Bhord Iniúchóireachta a mbeadh Patricia Sheehan i láthair aige. Ghabh an bord buíochas le Patricia as a seirbhís fhada leis an Oifig agus d'aithin sé an méid suntasach a rinne sí le linn a tionachta. Chuir an Rúnaí na tuairimí céanna in iúl agus thug sé faoi deara go háirithe gur

oibrigh an bord go han-mhaith mar fhoireann le roinnt blianta anuas. Chríochnaigh an bord an cruinniú trí gach rath a ghuí ar Patricia agus á rá go bhfuil sé ag súil go mbainfeadh sí sásamh as a scor a bhí le teacht.